BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an tOchtú Dlísheomra)

9 Feabhra 2023*

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 90 – Bonn cánach – Laghdú – Árachóir a íocann cúiteamh le hárachaithe as fiacha neamhíoctha, lena n-áirítear CBL – Reachtaíocht náisiúnta lena ndiúltaítear don árachóir sin, mar chomharba dlí, laghdú ar an méid inchánach – Prionsabal na neodrachta fioscaí – Prionsabal na héifeachtachta)

I gCás C-482/21,

Iarraidh ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Fővárosi Törvényszék (Cúirt Chathair Bhúdaipeist, an Ungáir), trí bhreith an 29 Meitheamh 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 5 Lúnasa 2021, sna himeachtaí idir

Euler Hermes SA Magyarországi Fióktelepe

agus

Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága,

tugann AN CHÚIRT (an tOchtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. Safjan, Uachtarán Dlísheomra, N. Jääskinen agus M. Gavalec (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Euler Hermes SA Magyarországi Fióktelepe, ag T. Fehér agus P. Jalsovszky, ügyvédek,

– Rialtas na hUngáire, ag M. Z. Fehér agus K. Szíjjártó, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Portaingéile, ag P. Barros da Costa, R. Campos Laires, S. Jaulino agus J. Ramos, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ungáiris.

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Sipos agus V. Uher, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis dó an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 90 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1), arna leasú le Treoir 2010/45/AE ón gComhairle an 13 Iúil 2010 (IO 2010 L 189, lch. 1) ("Treoir CBL"), arna léamh i gcomhar le prionsabail na comhréireachta, na neodrachta fioscaí agus na héifeachtachta.

2 Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs imeachtaí idir Euler Hermes SA Magyarországi Fióktelepe, cuideachta faoi dhlí na hUngáire, agus Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága (Stiúrthóireacht Achomhairc an Údaráis Náisiúnta Cánach agus Custaim, an Ungáir) maidir le hiarratas ar laghdú ar an méid inchánach chun críoch cáin bhreisluacha (CBL).

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Foráiltear le hAirteagal 2(1)(a) agus (c) de Threoir CBL:

"Beidh na hidirbhearta seo a leanas faoi réir CBL:

(a) soláthar earraí arna dhéanamh ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin;

[...]

(c) soláthar seirbhísí arna dhéanamh ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit arna déanamh ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin".

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar seo a leanas sa chéad fhomhír d'Airteagal 9(1) den Treoir sin:

"Ciallaíonn 'duine inchánach' aon duine a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a shaothrú go neamhspleách, cibé cuspóir nó torthaí a bheidh ag an ngníomhaíocht sin, agus cibé áit a bhféadfadh sé a bheith."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 63 den Treoir sin:

"Tarlaíonn an teagmhas inmhuirearaithe agus tiocfaidh CBL chun bheith inmhuirearaithe nuair a sholáthraítear na hearraí nó na seirbhísí."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Tá an fhoclaíocht in Airteagal 66 den Treoir sin mar a leanas:

"De mhaolú ar Airteagail 63, 64 agus 65, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go dtiocfaidh CBL chun bheith inmhuirearaithe i leith idirbhearta áirithe nó i leith catagóirí áirithe daoine inchánach ag aon cheann de na tráthanna seo a leanas:

(a) tráth nach déanaí ná an sonrasc a eisiúint;

(b) tráth nach déanaí ná an íocaíocht a fháil;

(c) in éagmais eisiúna nó i gcás eisiúint dhéanach an tsonraisc, laistigh de thréimhse shonraithe agus ar a dhéanaí ar dhul in éag na teorann ama chun sonraisc a eisiúint arna forchur ag na Ballstáit de bhun an dara mír d'Airteagal 222 nó, mura bhfuil aon teorainn ama forchurtha ag an mBallstát, laistigh de thréimhse shonraithe ó dháta an teagmhais inmhuirearaithe.

Ní bheidh feidhm ag an maolú dá bhforáiltear sa chéad mhír, áfach, maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil an custaiméir faoi dhliteanas CBL a íoc ina leith de bhun Airteagal 196 nó maidir le soláthar nó aistriú earraí dá dtagraítear in Airteagal 67."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 73 de Threoir CBL:

"I gcás soláthar earraí nó seirbhísí seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagail 74 go 77, cuimseoidh an méid inchánach gach rud arb ionann é agus an chomaoin a fhaigheann nó a bheidh le fáil ag an soláthraí ón gcustaiméir nó tríú páirtí as an soláthar sin, lena n-áirítear fóirdheontais atá nasctha go díreach le praghas an tsoláthair sin."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 90 den Treoir sin:

" 1. I gcás cealú, diúltú, neamhíocaíocht iomlán nó páirteach nó laghdú praghais tar éis don soláthar tarlú, laghdófar an méid inchánach dá réir sin faoi choinníollacha arna leagan síos ag na Ballstáit.

2. I gcás neamhíocaíocht iomlán nó páirteach, féadfaidh na Ballstáit maolú a dhéanamh ar mhír 1."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 De réir Airteagal 135(1)(a) den Treoir sin:

"Déanfaidh na Ballstáit na hidirbhearta seo a leanas a dhíolmhú:

(a) idirbhearta árachais agus athárachais, lena n-áirítear seirbhísí gaolmhara a sholáthar ag bróicéirí árachais agus idirghabhálaithe árachais".

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 250(1) den Treoir sin:

"Cuirfidh gach duine inchánach tuairisceán CBL isteach ina mbeidh an fhaisnéis go léir is gá chun méid na cánach is inmhuirearaithe agus méid na n-asbhaintí atá le déanamh a ríomh, lena n-áirítear, a mhéid is gá chun bonn measúnachta a shocrú, luach iomlán na n-idirbheart a bhaineann leis an gcáin sin agus leis na hasbhaintí sin agus luach na n-idirbheart atá díolmhaithe."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hUngáire

Dlí Uimhº CL 2017

11 Foráiltear le hAirteagal 196 den adózás rendjéről szóló 2017. evi CL. foráiltear le törvény (Dlí Uimhº CL 2017 maidir le heagrú cánachais), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

"(1) I gcás ina gcinnfidh an Alkotmánybíróság [(Cúirt Bhunreachtúil, an Ungáir)], an Kúria [(Cúirt Uachtarach, an Ungáir)] nó Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, le héifeacht chúlghabhálach go dtí dáta foilsithe an chinnidh, go bhfuil riail dlí lena bhforchuirtear dliteanas cánach contrártha leis an Dlí Bunúsach nó le gníomh ceangailteach de chuid an Aontais Eorpaigh nó, i gcás rialacháin áitiúil, le haon riail dlí eile, agus go n-eascraíonn ceart aisíocaíochta don cháiníocóir as an gcinneadh breithiúnach sin, déanfaidh na húdaráis chánach chéadchéime an aisíocaíocht ar iarraidh ón gcáiníocóir – de réir na nósanna imeachta a shonraítear sa chinneadh lena mbaineann – i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

[...]

(3) Ní mór a lua san iarratas, chomh maith leis na sonraí is gá chun an cáiníocóir a aithint ag an údarás cánach, an cháin a íocadh ar dháta taiscthe an iarratais agus a n-iarrtar a aisíocaíocht chomh maith leis an teideal forfheidhmiúcháin ar a bhunús ar íocadh í; ní mór tagairt a dhéanamh ann freisin do chinneadh an Alkotmánybíróság [(Cúirt Bhunreachtúil)], an Kúria [(Cúirt Uachtarach)] nó an Chúirt Bhreithiúnais agus ráiteas a bheith ann ar dá réir:

(a) níor chuir an cáiníocóir, ar dháta taiscthe an iarratais, an cháin a bhfuil sé ag éileamh aisíocaíocht ina leith ar aghaidh chuig duine eile;

(b) ní dhearnadh aon aisíocaíocht ar an gcáin leis an gcáiníocóir ná le haon duine eile sular taisceadh an t-iarratas ar bhonn nós imeachta riaracháin nó breithiúnach, agus níl aon imeachtaí den sórt sin ar feitheamh tráth a cuireadh an t-iarratas isteach, mura ndearbhaíonn an cáiníocóir don údarás cánach, laistigh de nócha lá ón iarratas, gur cuireadh deireadh leis na himeachtaí.

(4) Mura gcomhlíontar na coinníollacha eile a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) de mhír 3, diúltóidh an t-údarás cánach don iarratas trí chinneadh. Maidir le hábhar an teidil forfheidhmiúcháin, ní chuirfidh an t-údarás cánach aon ghníomh forfheidhmiúcháin i bhfeidhm idir taisceadh an iarratais agus clabhsúr deiridh an nós imeachta agus, i gcás cinneadh a ordaíonn aisíocaíocht, tar éis dó a bheith tagtha chun bheith críochnaitheach – go dtí neamhniú deiridh nó neamhniú an chinnidh sin."

An Dlí maidir le CBL

12 Foráiltear le hAirteagal 5(1) den általános forgalmi adóról szóló 2007. evi CXXVII. törvény (Dlí Uimh.ºCXXVII de 2007 maidir le cáin bhreisluacha), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ("an Dlí maidir le CBL"):

"Chun críocha CBL, ciallaíonn 'duine inchánach' aon duine nó eintiteas a bhfuil inniúlacht dhlítheanach aige atá i mbun, faoina ainm féin, gníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar áit, cuspóir agus toradh an chéanna.[...]"

13 De réir Airteagal 55 den Dlí sin:

"(1) Tagann an oibleagáid cáin a íoc chun cinn nuair a tharlaíonn an teagmhas trína ndéantar an t-idirbheart inchánach ("comhlíonadh").

(2) Tarlaíonn an iarmhairt dhlíthiúil dá bhforáiltear i mír 1 thuas freisin sa chás, in ainneoin na heaspa comhlíonta, go n-eisítear sonrasc. Déanfar é a fhorchur ar an duine inchánach a luaitear ar an sonrasc mar sholáthraí na n-earraí nó mar sholáthraí na seirbhíse, mura gcruthaíonn an duine sin go cinnte:

(a) in ainneoin sonrasc a eisiúint, ní raibh aon chomhlíonadh ann, nó

(b) bhí comhlíonadh ann, ach trí ghníomh tríú páirtí, agus,

ag an am céanna, tá na céimeanna riachtanacha glactha aige láithreach chun an sonrasc a eisíodh a chealú nó – i gcás ina ndearnadh an sonrasc ina ainm ach gurb é tríú páirtí a d'ullmhaigh an sonrasc – chuir sé in iúl láithreach don duine nó don chomhlacht a luaitear ar an sonrasc mar cheannaitheoir na n-earraí nó mar fhaighteoir na seirbhíse go bhfuil cás ann dá dtagraítear sna forálacha seo, (a) nó (b)."

14 Seo a leanas Airteagal 56 den Dlí sin:

"Bunaítear an cháin atá dlite tráth an chomhlíonta – mura bhforáiltear a mhalairt sa Dlí seo."

15 Foráiltear le hAirteagal 77(7) den Dlí sin:

"I bhfianaise, go háirithe, an phrionsabail go bhfeidhmeofar cearta de réir a gcuspóra bheartaithe, féadfar an méid inchánach a laghdú *a posteriori* de réir an mhéid, gan cáin a áireamh, den chomaoin go léir nó cuid den chomaoin a aithnítear mar dhrochfhiach má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go carnach:

(a) is páirtithe neamhspleácha iad an duine inchánach agus ceannaitheoir na n-earraí nó faighteoir na seirbhíse;

(b) tugann an duine inchánach fógra i scríbhinn roimh ré do cheannaitheoir na n-earraí nó d'fhaighteoir na seirbhíse de réir mhír 8, ach amháin más amhlaidh nach ann do cheannaitheoir na n-earraí nó faighteoir na seirbhíse a thuilleadh agus nach bhfuil aon chomharba dlí aige;

(c) níl an duine inchánach ina ábhar d'imeachtaí féimheachta, leachtaithe nó leachtaithe éigeantaigh tráth a gcuirtear an dearbhú lena mbaineann an drochfhiach isteach;

(d) níl ceannaitheoir na n-earraí nó faighteoir na seirbhíse faoi réir imeachtaí féimheachta, leachtaithe nó leachtaithe éigeantaigh tráth an tsoláthair earraí nó seirbhísí atá mar bhonn chun an fiach a aithint mar dhrochfhiach;

(e) ní áirítear ceannaitheoir na n-earraí nó faighteoir na seirbhíse i mbunachar sonraí daoine a bhfuil difríocht chánach acu de mhéid suntasach nó fiach cánach de mhéid suntasach, ar féidir é a sheiceáil ar shuíomh gréasáin an údaráis cánach, tráth an tsoláthair earraí nó seirbhísí a úsáidtear mar bhonn chun an fiach a aithint mar dhrochfhiach nó sa bhliain roimhe sin;

(f) níor scriosadh uimhir aitheantais cánach cheannaitheoir na n-earraí nó fhaighteoir na seirbhíse tráth an tsoláthair earraí nó seirbhísí a úsáidtear mar bhonn chun an fiach a aithint mar dhrochfhiach;

(g) níor chuir an t-údarás cánach agus custaim Stáit aon fhaisnéis ar fáil don cháiníocóir maidir lena oibleagáidí cánach a bheith á seachaint ag ceannaitheoir na n-earraí nó faighteoir na seirbhíse tráth an tsoláthair earraí nó seirbhísí atá mar bhonn chun an fiach a aithint mar dhrochfhiach;

(h) tá bliain amháin ar a laghad caite ó íocadh an chomaoin ar sholáthar earraí nó seirbhísí atá mar bhonn chun an fiach a aithint mar dhrochfhiach, agus

(i) níor íocadh ná níor íocadh ar shlí eile an chomaoin maidir le soláthar earraí nó seirbhísí atá mar bhonn chun an fiach a aithint mar dhrochfhiach."

Dlí Uimh° CLI 2017

16 Foráiltear le hAirteagal 12 den adóigazgatási rendtartásról szóló 2017. evi CLI. törvény (Dlí Uimh. CLI de 2017 maidir le heagrú na n-údarás cánach), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

"(1) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Dlí seo, fillfidh na cearta dlíthiúla go léir a bhí ag an réamhtheachtaí ar chomharba dlí an duine inchánach, de réir bhrí rialacha an dlí shibhialta, agus leagfar air na hoibleagáidí go léir nár chomhlíon an réamhtheachtaí dlí, i gcomhréir leis na sócmhainní a fuarthas mar thoradh ar an gcomharbas dlí. Má tá roinnt comharbaí dlí, comhlíonfaidh siad oibleagáidí an réamhtheachtaí dlí i gcomhréir leis na sócmhainní. I gcás neamhchomhlíonadh, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith fhiacha an réamhtheachtaí dlí. Tá siad i dteideal fóirdheontais i gcomhréir le sócmhainní – mura ndéantar comhaontú dá mhalairt.

(2) Seiceálfaidh an t-údarás cánach an gcomhlíonann an comharba dlí na ceanglais dhlíthiúla do na tréimhsí roimh an gcomharbas sin, lena n-áirítear stair chánach an réamhtheachtaí dlí, ag measúnú ar iompar an réamhtheachtaí dlí freisin.

(3) Beidh feidhm freisin ag forálacha mhíreanna 1 agus 2 i gcás ina leanfar le gníomhaíocht duine féinfhostaithe i bhfoirm cuideachta aonbhaill."

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear

17 Tá an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i mbun gnó árachais ina ngeallann sé, ar bhonn conradh árachais, cúiteamh a íoc lena n-árachaithe i gcás nach n-íocann a gcustaiméirí fiach faoi leith. Is é an ráta cúitimh, i bprionsabal, 90% de luach an fhéich nár íocadh, CBL san áireamh. Faoin gconradh árachais sin, i gcomhthráth leis an gcúiteamh sin, sanntar an chuid chomhfhreagrach de luach an éilimh agus gach ceart gaolmhar a d'fhabhraigh ar dtús chuig an árachaí don iarratasóir sna príomhimeachtaí. Go praiticiúil, a mhéid a bhaineann leis an CBL a shanntar, is é an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí a íocann as CBL a d'íoc na hárachaithe leis an Státchiste roimhe sin, ach a chuir siad ar aghaidh chuig a gcustaiméirí agus nár íoc siadsan as.

18 An 31 Nollaig 2019, thaisc an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí iarratas leis an údarás cánach ar aisíocaíocht CBL a bhaineann le drochfhiacha arbh ionann é agus méid iomlán HUF 225 855 154 (thart ar EUR 680 631) agus EUR 128 240.44, mar aon le hús ar riaráistí agus ús mainneachtana atá cothrom leis an 365ú cuid den luach, móide 5 phointe céatadáin de bhunráta bhanc ceannais na hUngáire is infheidhme tráth an dáta dlite nó an úis réamhshocraithe ag bunráta simplí bhanc ceannais na hUngáire.

19 Mar thaca leis an iarratas sin, mhaígh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí go raibh méid CBL san áireamh freisin i méid an chúitimh a d'íoc sé tar éis an 1 Eanáir 2014 maidir le drochfhiacha cinntitheacha ar chuir sé árachas orthu. Shonraigh sé, ag tagairt d'ordú na Cúirte an 24 Deireadh Fómhair 2019, *Porr Építési Kft.* (C-292/19, nár foilsíodh, EU:C:2019:901), nár cheadaigh, de shárú Airteagal 90 de Threoir CBL, forálacha an Dlí maidir le CBL, roimh an 1 Eanáir 2020, an laghdú *a posteriori* ar an méid inchánach chun críocha CBL i gcás neamhíocaíocht iomlán nó pháirteach na comaoine don tseirbhís a soláthraíodh, nó de na hearraí a seachadadh, fiú nuair a bhí fiach tagtha chun bheith ina dhrochfhiach go cinntitheach.

20 Le cinneadh an 29 Eanáir 2020, dhiúltaigh an Nemzeti Adó- és Vámhivatal Észak-budapesti Adó- és Vámigazgatósága (Stiúrthóireacht do Bhúdaipeist-Thuaidh den Údarás Náisiúnta Cánach agus Custaim, an Ungáir) (údarás cánach céadchéime) don iarratas sin ar an bhforas nach ndearna an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí na hidirbhearta a bhí mar bhonn do na drochfhiacha a bhí i gceist a chomhlíonadh.

21 Le cinneadh an 15 Aibreán 2020, dhiúltaigh an cosantóir sna príomhimeachtaí don ghearán a thaisc an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i gcoinne an chinnidh sin an 29 Eanáir 2020 agus dheimhnigh sé an cinneadh sin. Maidir leis sin, mheas sé nárbh ionann athrú duine inchánach ar bhonn conradh árachais agus comharbas faoin dlí cánach, ós rud é nár sásaíodh na coinníollacha substainteacha a leagadh síos chun iarratas ar aisíocaíocht CBL a dheonú, de bhrí nach raibh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ina dhuine inchánach maidir leis na hidirbhearta a raibh sé i gceist aige an ceart chun laghdú ar an méid inchánach agus aisíocaíocht ar an CBL a bhí mar thoradh air a fheidhmiú.

22 Thug an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean os comhair an Fővárosi Törvényszék (Cúirt Chathair Bhúdaipeist, an Ungáir), an chúirt a rinne an tarchur, i gcoinne an chinnidh sin an 15 Aibreán 2020, trína n-iarrann sé, go príomha, athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh sin agus a athrú le héifeacht chúlghabhálach. Dar leis, de réir an chonartha árachais dá dtagraítear i mír 17 den bhreithiúnas reatha, mar chomharba dlí a árachaithe, tá sé i dteideal aisíocaíocht a fháil ar an CBL a bhaineann leis na drochfhiacha atá i gceist. Tá an ceart sin aige freisin faoi dhlí an Aontais, faoi phrionsabal na neodrachta fioscaí.

23 Iarrann an cosantóir sna príomhimeachtaí go ndéanfar an chaingean sin a dhíbhe. Áitíonn sé, faoi dhlí an Aontais agus reachtaíocht na hUngáire araon, nach bhfuil árachóir amhail an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i dteideal tairbhe a bhaint, faoi Airteagal 90 de Threoir CBL, as laghdú ar an méid inchánach is infheidhme i gcás neamhíocaíocht chinntitheach. Dar leis an gcosantóir sna príomhimeachtaí, baineann an ceart iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht CBL leis an duine inchánach a bhfuil a éileamh tagtha chun bheith ina dhrochfhiach go cinntitheach agus a d'íoc an cháin sin. Sonraíonn sí, sa chás reatha, nach é an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí atá ina ábhar den dlí cánach, ach a árachaithe. Ina theannta sin, deir an cosantóir sna príomhimeachtaí nach CBL é a íoc an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, ach an méid a árachaíodh faoin gconradh árachais sin, ionas, dá ndeonódh sé a éileamh ar aisíocaíocht CBL, go mbeadh a shaibhriú éagórach mar thoradh air sin.

24 Maidir leis na fiacha lena mbaineann, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, tráth a n-aistrithe chuig an iarratasóir sna príomhimeachtaí, nár measadh fós go raibh na fiacha sin ina ndrochfhiacha agus nár tháinig siad chun bheith cinntitheach ach amháin tar éis an aistrithe sin. Deir an chúirt sin freisin, go dtí an 1 Eanáir 2020, go raibh an Dlí maidir le CBL contrártha le dlí an Aontais, ós rud é nár cheadaigh an Dlí sin an méid inchánach chun críoch CBL a laghdú *a posteriori* i leith na bhfiach sin.

25 Tá an chúirt sin in amhras maidir le comhoiriúnacht fhorálacha dhlí na hUngáire is infheidhme maidir leis an díospóid os a comhair agus maidir le cleachtas an údaráis cánach atá bunaithe orthu le dlí an Aontais, le cásdlí na Cúirte agus le prionsabail na comhréireachta, na neodrachta fioscaí agus na héifeachtachta.

26 Sna himthosca sin, chinn an Fővárosi Törvényszék (Cúirt Chathair Bhúdaipeist) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte le haghaidh réamhrialú:

"An gcuirtear bac le prionsabail na comhréireachta, na neodrachta fioscaí agus na héifeachtachta – ag cur san áireamh go háirithe nach bhféadfaidh an Ballstát méid níos airde ná an méid a fhaigheann soláthraí earraí nó seirbhísí i ndáiríre as an soláthar atá i gceist a thobhach, trí CBL –, agus leis an díolúine ó cháin dá bhforáiltear in Airteagal 135(1)(a) de Threoir CBL – ag féachaint go háirithe don cheanglas chun déileáil leis an ngníomhaíocht sin mar idirbheart díolmhaithe ar idirbheart amháin é, de réir bhrí na bprionsabal atá leagtha amach i míreanna 35, 37 agus 53 de Thuairim an Abhcóide Ghinearálta [Mengozzi] in *Swiss Re Germany Holding* (C-242/08, EU:C:2009:300) – agus leis an gceanglas chun saorghluaiseacht caipitil agus seirbhísí sa mhargadh inmheánach a chinntiú, ar chleachtas Ballstáit ar dá réir nach gcuirtear laghdú ar an méid inchánach is infheidhme i gcás neamhíocaíocht chinntitheach, arna rialú le hAirteagal 90(1) de Threoir CBL, i bhfeidhm ar árachóir, i gcomhthéacs árachais fiach trádála, a íocann leis an árachaí, mar chúiteamh, i gcás tarlú an teagmhais árachaithe (neamhíocaíocht ag ceannaitheoir an árachaí), an méid inchánach agus méid CBL ar an méid sin, leis an toradh, de réir an chonartha árachais, go n-aistrítear an t-éileamh chuig an árachóir, mar aon leis na cearta go léir a bhaineann leis an éileamh sin, in imthosca inarb amhlaidh:

(a) tráth a tháinig na fiacha a bhí i gceist le bheith ina ndrochfhiacha, nár cheadaigh an reachtaíocht náisiúnta ar chor ar bith an méid inchánach i leith drochfhiacha a laghdú;

(b) i gcás ina raibh neamh-chomhoiriúnacht an toirmisc sin le dlí [an Aontais] follasach, gur cuireadh as an áireamh leis an dlí daonna náisiúnta go neamhbhalbh, agus go gcuirtear sin as an áireamh go neamhbhalbh ó shin i leith, an duine a bhí freagrach as soláthar tosaigh na n-earraí (an t-árachaí) ó aisíoc CBL ar dhrochfhiach, toisc gur aisghabh sé méid an éilimh sin ón árachóir, agus

(c) gur féidir leis an árachóir a léiriú go bhfuil a éileamh i gcoinne an fhéichiúnaí ina dhrochfhiach go cinntitheach?"

An cheist a tharchuirtear

27 Mar réamhphointe, ba chóir a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur d'Airteagal 135(1)(a) de Threoir CBL, ina ceist, a dhéanann foráil do dhíolúine d'idirbhearta árachais. Sa chás reatha, áfach, iarrann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí aisíocaíocht CBL a íocann daoine inchánach, ní i gcomhthéacs idirbhearta árachais atá díolmhaithe faoin bhforáil sin, ach i gcomhthéacs idirbhearta inchánach. Dá réir sin, ní bhaineann an fhoráil sin le hábhar chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach.

28 Ar an dara dul síos, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur d'fhorálacha Chonradh FAE a bhaineann le saorghluaiseacht seirbhísí agus caipitil. Sa chás seo, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil sé mar thréith leis go bhfuil gach gné den díospóid sna príomhimeachtaí sin teoranta d'aon Bhallstát amháin, ós rud é gur díospóid idir cuideachta atá corpraithe faoi dhlí na hUngáire a bunaíodh i gcríoch na hUngáire agus údaráis chánach na hUngáire, is é sin Stiúrthóireacht Achomhairc na nÚdarás Náisiúnta Cánach agus Custaim, atá i gceist.

29 Is cásdlí socair é nach mbaineann forálacha Chonradh FAE maidir le saoirse bunaíochta, saoirse chun seirbhísí a sholáthar agus saorghluaiseacht caipitil le cás a bhfuil gach gné de teoranta laistigh d'aon Bhallstát amháin (breithiúnas an 15 Samhain 2016, *Ullens de Schooten*, C-268/15, EU:C:2016:874, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Dá bharr sin, níl forálacha Chonradh FAE a bhaineann le saorghluaiseacht seirbhísí agus caipitil infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí.

31 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, trína ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 90(1) de Threoir CBL agus prionsabail na comhréireachta, na neodrachta fioscaí agus na héifeachtachta a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht de chuid Ballstáit ar dá réir nach gcuirtear i bhfeidhm laghdú an mhéid inchánach i gcás neamhíocaíochta, dá bhforáiltear san fhoráil sin, maidir le hárachóir a d'íoctar, faoi chonradh árachais fiach tráchtála, le duine dá chustaiméirí árachaithe, mar chúiteamh tar éis neamhíocaíocht féich, cuid de mhéid inchánach an idirbhirt inchánach atá i gceist, lena n-áirítear CBL, i gcás, de réir an chonartha sin, gur sannadh an chuid sin den éileamh agus gach ceart gaolmhar don árachóir sin.

32 Ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, go gclúdaíonn Airteagal 90(1) de Threoir CBL cásanna cealaithe, diúltaithe, neamhíocaíochta iomláine nó páirtí nó laghdaithe praghsanna tar éis an idirbhirt is bonn le híocaíocht CBL. Cuireann an fhoráil sin oibleagáid ar na Ballstáit an méid inchánach a laghdú agus, dá bhrí sin, an méid CBL is iníoctha ag an duine inchánach a laghdú más rud é, tar éis idirbheart a thabhairt chun críche, nach bhfaigheann an duine inchánach cuid den chomaoin nó nach bhfaigheann sé an chomaoin go léir. Is éard atá san fhoráil sin ná léiriú ar phrionsabal bunúsach den Treoir sin, prionsabal na neodrachta fioscaí, ar dá réir a dhéantar an méid inchánach leis an gcomaoin a fuarthas iarbhír agus a bhfuil mar atoradh air ná nach féidir leis an údarás cánach méid níos airde ná an méid a fuair an duine inchánach a bhailiú mar CBL (ordú an 3 Márta 2021, *FGSZ*, C-507/20, EU:C:2021:157, mír 18 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Ag féachaint d'fhoclaíocht Airteagal 90(1) de Threoir CBL agus do phrionsabal na neodrachta fioscaí, tá sé tábhachtach go mbeadh na foirmiúlachtaí atá le comhlíonadh ag daoine inchánach d'fhonn an ceart chun laghdaithe ar an méid inchánach chun críocha CBL a fheidhmiú, os comhair na n-údarás cánach, teoranta dóibh siúd lenar féidir a léiriú tar éis idirbheart a thabhairt chun críche, nach bhfaighfear cuid den chomaoin nó nach bhfaighfear an chomaoin go léir, agus sin go cinntitheach (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Márta 2021, *FGSZ*, C-507/20, EU:C:2021:157, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Ar an dara dul síos, ceadaíonn Airteagal 90(2) de Threoir CBL do Bhallstáit, i gcás neamhíocaíocht iomlán nó pháirteach phraghas an idirbhirt, maolú den riail dá dtagraítear in Airteagal 90(1) den Treoir sin. Maidir leis sin, chinn an Chúirt nach féidir le feidhmiú na cumhachta maolaithe sin ligean do Bhallstáit laghdú mhéid inchánach CBL a chur as an áireamh scun scan, i gcás neamhíocaíochta. Níl sé i gceist leis an rogha sin ach a chur ar chumas na mBallstát an éiginnteacht a bhaineann le neamhíocaíocht sonraisc nó cinntitheacht ina leith a leigheas, ach ní réitíonn sé an cheist an féidir gan laghdú ar an méid inchánach a dhéanamh i gcás neamhíocaíochta (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Márta 2021, *FGSZ*, C-507/20, EU:C:2021:157, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Dá réir sin, dá nglacfaí leis go bhféadfadh na Ballstáit, i gcás neamhíocaíocht iomlán nó pháirteach phraghas an idirbhirt, aon laghdú ar an méid inchánach chun críocha CBL a chur as an áireamh, bheadh sin ag teacht salach ar phrionsabal neodracht CBL, as a leanann sé go háirithe, ina cháil

mar bhailitheoir cánacha thar ceann an Stáit, nach mór faoiseamh iomlán a thabhairt don fhiontraí ó ualach na cánach atá dlite nó íoctha le linn a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá iad féin faoi réir CBL (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Samhain 2017, *Di Maura*, C-246/16, EU:C:2017:887, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Sa chás reatha, is gá a dheimhniú cé acu an dtagann neamhíocaíocht fiach faoi raon feidhme Airteagal 90(1) de Threoir CBL, in imthosca amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí.

37 Maidir leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir Airteagal 2(1)(a) agus (c) den Treoir sin, go bhfuil soláthar earraí nó seirbhísí arna dhéanamh ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach atá ag gníomhú sa cháil sin faoi réir CBL.

38 Maidir leis sin, chinn an Chúirt go nglactar leis, maidir leis an aicmiú sin mar sholáthar arna dhéanamh "ar comaoin", go bhfuil nasc díreach ann idir soláthar earraí nó seirbhísí agus comaoin a fuair an duine inchánach i ndáiríre (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Iúil 2019, *UniCredit Leasing*, C-242/18, EU:C:2019:558, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear). Chinn an Chúirt freisin, chun go measfaí go ndéantar soláthar earraí nó seirbhísí a chur i gcrích "ar comaoin", nach gá go bhfaighfí an chomaoin ar an soláthar sin go díreach ón bhfaighteoir a bhfuil sé beartaithe dó, ach go bhféadfaí an chomaoin a fháil ó thríú páirtí freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Márta 2014, *Le Rayon d'Or*, C-151/13, EU:C:2014:185, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear). Is léir ón gcásdlí, chun críocha an aicmithe sin, gurb é an fachtóir cinntitheach an fhíric gur íocadh comaoin i ndáiríre.

39 Sa chás reatha, d'íoc an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí cúiteamh lena chustaiméirí inchánach a fhreagraíonn do 90% de mhéid na bhfiach atá i gceist, CBL san áireamh.

40 Sa chomhthéacs sin, is cosúil go bhfuair na custaiméirí inchánach an chuid de na héilimh a bhí ina n-ábhar cúitimh ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí mar chomaoin ar na hidirbhearta inchánach a bhí i gceist, ionas nach féidir a mheas gur ábhar "neamhíocaíochta" é de réir bhrí Airteagal 90(1) de Threoir CBL.

41 Leanann sé nach féidir an chuid sin de na héilimh, fiú má fuarthas í trí chúiteamh, a bheith ina cúis le haon cheart a bheith ag na custaiméirí inchánach chun laghdú ar an méid inchánach chun críocha CBL.

42 Ina theannta sin, ní féidir a mheas, i bhfianaise dhlí CBL an Aontais agus beag beann ar na rialacha náisiúnta a d'fhéadfadh sannadh éileamh sa dlí sibhialta a rialú, gur féidir árachóir amhail an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí a aithint mar an duine inchánach atá i dteideal, maidir leis an gcuid de na héilimh a bhí ina n-ábhar do chúiteamh agus sannadh, laghdú a fháil ar an méid inchánach chun críocha CBL faoi Airteagal 90(1) de Threoir CBL.

43 Dá n-aithneofaí go bhfuil an stádas sin ag árachóir den sórt sin, dhéanfaí prionsabal na neodrachta fioscaí a shárú ós rud é nach bhfuil CBL a íoctar leis an údarás cánach go díreach i gcomhréir leis an bpraghas a fuair na custaiméirí inchánach i ndáiríre a rinne na hidirbhearta inchánach atá i gceist.

44 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é freagra na ceiste a chuirtear ná go gcaithfear Airteagal 90(1) de Threoir CBL agus prionsabal na neodrachta fioscaí a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht de chuid Ballstáit ar dá réir nach gcuirtear i bhfeidhm laghdú an mhéid inchánach i gcás neamhíocaíochta, dá bhforáiltear san fhoráil sin, maidir le hárachóir a

d'íoc, faoi chonradh árachais fiach tráchtála, leis an árachaí, mar chúiteamh tar éis neamhíocaíocht féich, cuid de mhéid inchánach an idirbhirt inchánach atá i gceist, lena n-áirítear CBL, i gcás, de réir an chonartha sin, gur sannadh an chuid sin den éileamh agus gach ceart gaolmhar don árachóir sin.

Costais

45 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 90(1) de Threoir na Comhairle 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, arna leasú le Treoir 2010/45/AE ón gComhairle an 13 Iúil 2010, agus prionsabal na neodrachta fioscaí

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht de chuid Ballstáit ar dá réir nach gcuirtear i bhfeidhm laghdú an mhéid inchánach i gcás neamhíocaíochta, dá bhforáiltear san fhoráil sin, maidir le hárachóir a d'íoc, faoi chonradh árachais fiach tráchtála, leis an árachaí, mar chúiteamh tar éis neamhíocaíocht féich, cuid de mhéid inchánach an idirbhirt inchánach atá i gceist, lena n-áirítear cáin bhreisluacha, i gcás, de réir an chonartha sin, gur sannadh an chuid sin den éileamh agus gach ceart gaolmhar don árachóir sin.

Sínithe